# Soláthar EFSA
## cad chuige, cad é, CÉN DÓIGH

Ceannaíonn EFSA seirbhísí agus soláthairtí trí sholáthar poiblí i gcomhréir le reachtaíocht AE agus le bunphrionsabail na trédhearcachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe, na hiomaíochta is leithne, na comhréireachta agus na bainistíochta fónta airgeadais.

Agus tairiscint á déanamh acu faoi nósanna imeachta soláthair EFSA, féadfaidh tairgeoirí tairiscint a dhéanamh ina n-aonar mar eintiteas aonair nó i dtairiscint chomhpháirteach le comhpháirtithe. Ní mór rochtain a bheith ag gach tairgeoir ar mhargadh AE le bheith incháilithe i leith dhámhachtain chonarthaí EFSA. Is féidir le tairgeoirí brath ar fhochonraitheoirí a úsáid ina dtairiscint chomh maith. Is féidir fochonraitheoirí a bhunú i dtíortha nach bhfuil rochtain acu ar mhargadh AE, mura sonraítear a mhalairt sa ghlao aonair ar thairiscintí.

## CONAS A DHÉANTAR CONARTHAÍ SOLÁTHAIR A DHÁMHACHTAIN?

### GLAO OSCAILTE AR THAIRISCINTÍ

- Le haghaidh ceannachán **os cionn 140,000 €.**
- Oscailte do gach oibreoir eacnamaíoch ag a bhfuil **rochtain ar mhargadh AE.**
- Foilsithe in IO AE le **37 lá** ar a laghad chun tairiscintí a chur isteach.

### NÓS IMEACHTA IDIRBHEARTAITHE MAIDIR LE THAIRISCINTÍ

- **Faoi 15,000 €**
  **Tabhair cuireadh** do **1** dchuireadh díreach ar a laghad gan poiblíocht ar bith roimh ré.
- **Os cionn 15,000 €** agus **faoi 60,000 €**
  **Tabhair cuireadh** do **3**
  Phoiblíocht roimh ré ar a laghad ar shuíomh gréasán EFSA le haghaidh léiriú spéise, ansin cuireadh díreach.
- **Os cionn 60,000 €** agus **faoi 140,000 €**
  **Tabhair cuireadh** do **5**
  Phoiblíocht roimh ré ar a laghad ar shuíomh gréasán EFSA le haghaidh léiriú spéise, ansin cuireadh díreach.

### NÓS IMEACHTA IDIRBHEARTAITHE GAN AON GHLAO AR THAIRISCINTÍ

**Maidir le ceannacháin d'aon luach**, féadfar conradh a dhámhachtain go díreach d'oibreoir eacnamaíoch gan gá le glao ar thairiscintí, sna cúinsí a gcuirtear síos orthu i mír 11.1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Airgeadais AE. Samplaí:

- **Monaplacht** mar gheall ar úinéireacht / ar chosaint ceart eisiach.
- **Fíorphráinn** mar gheall ar theagmhais nach féidir a thuar.

## CINEÁL CONARTHA

### CREATCHONRADH

**NÍ hEOL na táirgí insoláthartha** beachta **ná an t-uainiú beacht**

- **Aonair** — Creathchonradh a shínítear le conraitheoir amháin (eagraíocht aonair nó cuibhreannas).
- **Cascáid** — Creathchonradh a shínítear le conraitheoirí éagsúla agus ordú sannta rangaithe
- **Comórtas athoscailte** — Creathchonradh a shínítear le buíon conraitheoirí a théann san iomaíocht le haghaidh cúraimí sonracha.

### CONRADH DÍREACH

**Is eol na táirgí insoláthartha** beachta **& an t-uainiú**

### CONARTHAÍ SONRACHA / FOIRM ORDAITHE

**Is eol na táirgí insoláthartha** beachta **& an t-uainiú**

## CÉ LEIS NA TÁIRGÍ INSOLÁTHARTHA CONARTHA?

### EFSA

**Is le EFSA na táirgí insoláthartha conartha** seachas na cinn atá faoi réir cearta maoine intleachtúla a bhí ann cheana. Is féidir le EFSA úsáid a bhaint as na táirgí insoláthartha conartha atá faoina úinéireacht, gan dul i gcomhairle leis an gconraitheoir.

### CONRAITHEOIR

**Úinéir ar chodanna de tháirgí insoláthartha amháin** sfaoi réir cearta maoine intleachtúla a bhí ann cheana. Más mian leis an gconraitheoir táirgí insoláthartha conartha ar le EFSA iad a úsáid nó a fhoilsiú, ní mór dóibh cead a iarraidh ar EFSA roimh ré.

**Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi rialacha a bhaineann le soláthar EFSA**, féach Rialachán Airgeadais AE 2018, Teideal VII agus https://www.efsa.europa.eu/en/calls/procurement. Mínítear go mion i dTreoir EFSA do thairgeoirí gach céim dár nósanna imeachta soláthair.

**Déanann EFSA deontais a dhámhachtain freisin ar eagraíochtaí** a ainmníonn a mBallstát chun cuidiú le EFSA lena mhisean agus atá cuimsithe i liosta Airteagal 36 d'Eagraíochtaí Inniúla. Faigh tuilleadh eolaisón ngrafaic eolais seo.

Is é EFSA bunchloch mheasúnú riosca an Aontais Eorpaigh maidir le sábháilteacht bia agus beatha. I ndlúthchomhar le húdaráis náisiúnta i gcomhairle oscailte lena pháirtithe leasmhara, soláthraíonn EFSA comhairle eolaíoch neamhspleách agus cumarsáid shoiléir ar rioscaí atá ann cheana agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

© An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2022. Údaraítear atáirgeadh, seachas chun críocha tráchtála, ar an gcoinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

This document is an unofficial translation of the original document provided by the European Food Safety Authority (EFSA) in English, entitled EFSA procurement: why, what, HOW and located at https://www.efsa.europa.eu/en/infographics/efsa-procurement-why-what-how. The translation of the original document has been carried out exclusively by DCU Language Services on behalf of the Food Safety Authority of Ireland. EFSA does not accept any liability for mistakes or inaccuracies resulting from the translation process.

Sonraí an ghrianghrafadóra: Shutterstock

ISBN 978-92-9499-438-7 | doi:10.2805/68479 | TM-08-22-031-GA-N

Eolaíocht iontaofa le haghaidh bia sábháilte

www.efsa.europa.eu

European Food Safety Authority